# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 184/2019

## an 10 Iúil 2019

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2208]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/387 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena n-údaraítear síneadh a chur le húsáid ola *Schizochytrium* sp.(ATCC PTA-9695) mar bhia núíosach agus lena n-údaraítear athrú ar ainmniúchán agus ar an gceanglas sonrach maidir le lipéadú i ndáil le hola *Schizochytrium* sp.(ATCC PTA-9695) faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/388 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena n-údaraítear athrú maidir le sonraíochtaí an bhia núíosaigh 2’-fúcaishiollachtós a tháirgtear le Escherichia coli K-12 faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/456 ón gCoimisiún an 20 Márta 2019 lena n-údaraítear athrú maidir le sonraíochtaí an bhia núíosaigh ola shíolta lus an choire ó *Coriandum sativum* faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/506 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019 lena n-údaraítear D-riobós a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Baineann an Cinneadh seo le reachtaíocht maidir le bia-earraí. Reachtaíocht maidir le bia-earraí, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a leathnaítear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta go Lichtinstéin, mar a shonraítear sa réamhrá do Chaibidil XII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Caibidil XII d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 124b (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún):

   ‘- **32019 R 0387**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/387 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 (IO L 70, 12.3.2019, lch. 17),

   - **32019 R 0388**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/388 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 (IO L 70, 12.3.2019, lch. 21),

([1]) IO L 70, 12.3.2019, lch. 17.
([2]) IO L 70, 12.3.2019, lch. 21.
([3]) IO L 79, 21.3.2019, lch. 13.
([4]) IO L 85, 27.3.2019, lch. 11.

- **32019 R 0456**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/456 ón gCoimisiún an 20 Márta 2019 (IO L 79, 21.3.2019, lch. 13),
- **32019 R 0506**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/506 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019 (IO L 85, 27.3.2019, lch. 11).'

2. Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 160 (Rialachán (AE) 2019/343 ón gCoimisiún):

'161. **32019 R 0387**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/387 ón gCoimisiún an 11 Márta 2019 lena n-údaraítear síneadh a chur le húsáid ola *Schizochytrium* sp.(ATCC PTA-9695) mar bhia núíosach agus lena n-údaraítear athrú ar ainmniúchán agus ar an gceanglas sonrach maidir le lipéadú i ndáil le hola *Schizochytrium* sp.(ATCC PTA-9695) faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 70, 12.3.2019, lch. 17).

162. **32019 R 0506**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/506 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019 lena n-údaraítear D-riobós a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 85, 27.3.2019, lch. 11).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/387, (AE) 2019/388, (AE) 2019/456 agus (AE) 2019/506 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Iúil 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Gunnar PÁLSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.